Toghcháin Lár Téarma na Stát Aontaithe



Eochairfhocail: toghcháin, Tithe na Comhdhála, torthaí, páirtí, Seanadóir
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén páirtí polaitíochta i Meiriceá atá tar éis ceannas iomlán a ghlacadh ar Thithe na Comhdhála?
2. Ar ghlac an tUachtarán Trump aon fhreagracht as na drochthorthaí toghcháin do na Poblachtánaigh an tseachtain seo?
3. Cé mhéad suíochán breise atá ag na Daonlathaigh i dTeach na nIonadaithe anois?
4. Cé mhéad de bhearna ó thaobh suíochán de atá idir na Daonlathaigh agus na Poblachtánigh sa Seanad anois?
5. Ainmnigh stát amháin a thacaigh leis na Poblachtánaigh le fada ach ar éirigh go han-mhaith leis na Daonlathaigh ann?
6. Cérbh í an bhliain dheireanach a raibh Seanadóir Daonlathach i Kansas?
7. Cén creideamh lena mbaineann Abdul El-Sayed?
8. An bhfuil spéis agat i gcúrsaí polaitíochta? Cén fáth?

Toghcháin Lár Téarma na Stát Aontaithe



Eochairfhocail: toghcháin, Tithe na Comhdhála, torthaí, páirtí, Seanadóir
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Líon na Bearnaí

Daonlathach, Meiriceá, léargas, ídithe, suíochán, saineolaithe, cogadh, milleán

Bhí na toghcháin lár téarma ar siúl i _____an tseachtain seo. Is toghcháin thábhachtacha iad seo i bpolaitíocht Mheiriceá agus deir na _____ go dtugann na toghcháin seo _____ar thuairim an phobail i leith an Uachtaráin reatha. D'éirigh go hiontach leis an bPáirtí _____ sna toghcháin agus chaill páirtí an Uachtaráin Trump, an Páirtí Poblachtánach, a lán _____ i dTithe na Comhdhála. Deir an tUachtarán Trump nach air atá an _____as na drochthorthaí in aon chor. Deir daoine eile gurbh é an _____a thosaigh an tUachtarán Trump san laráin le déanaí ba chúis le míshástacht mhuintir Meiriceá leis an Uachtarán agus lena pháirtí. Tá cumhacht an Uachtaráin Trump _____go mór anois gan amhras.

Toghcháin Lár Téarma na Stát Aontaithe



Eochairfhocail: toghcháin, Tithe na Comhdhála, torthaí, páirtí, Seanadóir
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Is Daonlathach tú a bhuaigh suíochán sna toghcháin lár téarma i Meiriceá an tseachtain seo. Scríobh an óráid ghearr a thabharfá agus an bua díreach fógartha ar an teilifís. Is leor 70 focal nó mar sin a bheith san óráid. Cabhróidh an stór focal seo a leanas leat.

- A dhaoine uaisle,
- D'oibríomar go han-dian le cúpla mí anuas
- Tá ríméad orm...
- Teachtaireacht láidir
- Athruithe bunúsacha ag teastáil
- Gabhaim buíochas libh as....
- Geallaim daoibh go .....
- Rachaidh rudaí i bhfeabhas daoibh

Toghcháin Lár Téarma na Stát Aontaithe



Eochairfhocail: toghcháin, Tithe na Comhdhála, torthaí, páirtí, Seanadóir
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Freagraí:

1. An Páirtí Daonlathach
2. Níor ghlac
3. Scór suíochán sa bhreis
4. 10
5. Texas
6. 1932
7. Is Moslamach é

Bhí na toghcháin lár-téarma ar siúl i Meiriceá an tseachtain seo. Is toghcháin thábhachtacha iad seo i bpolaitíocht Mheiriceá agus deir na saineolaithe go dtugann na toghcháin seo léargas ar thuairim an phobail i leith an Uachtaráin reatha. D'éirigh go hiontach leis an bPáirtí Daonlathach sna toghcháin agus chaill páirtí an Uachtaráin Trump, an Páirtí Poblachtánach, a lán suíochán i dTithe na Comhdhála. Deir an tUachtarán Trump nach air atá an milleán as na drochthorthaí in aon chor. Deir daoine eile gurbh é an cogadh a thosaigh an tUachtarán Trump san Iaráin le déanaí ba chúis le míshástacht mhuintir Meiriceá leis an Uachtarán agus lena pháirtí. Tá cumhacht an Uachtaráin Trump ídithe go mór anois gan amhras.